European Commission



Leagan nuashonraithe Meitheamh 2024

# Sracfhéachaint ar:
# PHLEAN STRAITÉISEACH CBT

Agriculture and Rural Development

Tacaíonn Pleananna Straitéiseacha CBT leis an aistriú i dtreo earnáil talmhaíochta atá cliste, inbhuanaithe, iomaíoch, athléimneach agus éagsúlaithe agus déantar deimhin de shlándáil fhadtéarmach an tsoláthair bia. Chomh maith leis sin, cuireann siad leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide, cosaint acmhainní nádúrtha agus caomhnú/feabhsú na bithéagsúlachta, mar aon le bonn socheacnamaíoch na gceantar tuaithe a neartú.

Tacaíonn Pleananna CBT le raon leathan idirghabhálacha lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha na mBallstát agus a gcríoch. Ceapadh iad i gcomhréir le cur chuige nua atá dírithe ar thorthaí agus ar fheidhmíocht, is é is aidhm dóibh torthaí nithiúla a bhaint amach i ndáil le cuspóirí sonracha CBT ar leibhéal an Aontais, agus rannchuidíonn siad leis an gComhaontú Glas don Eoraip san am céanna.

Den chéad uair, sainítear straitéis i ngach plean CBT lena gcumhdaítear na príomhionstraimí uile atá á gcistiú ag CBT: íocaíochtaí díreacha, tacaíocht don fhorbairt tuaithe agus idirghabhálacha a bhaineann go sonrach le hearnálacha áirithe den mhargadh.

Tabharfar aghaidh freisin ar riachtanais na gceantar tuaithe le hionstraimí eile de chuid an Aontais, cuir i gcás an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) nó Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE).

Le fogha na Rúise faoin Úcráin agus na dálaí aimsire foircneacha arb é an t-athrú aeráide is cúis leo, leagtar béim ar an nasc lárnach idir slándáil bhia agus an gá atá le haistriú chuig córais bhia inbhuanaithe. Sa chomhthéacs sin, cuirtear deiseanna ar fáil i bPleananna Straitéiseacha CBT: e.g. chun spleáchas ar leasacháin mhianracha a laghdú agus méadú a dhéanamh ar tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite gan dochar a dhéanamh do tháirgeadh bia; agus acmhainneacht táirgeachta na hearnála a athrú ó bhonn i gcomhréir le modhanna táirgthe níos inbhuanaithe.

*Chuir Éire an chéad togra uaithi le haghaidh Plean Straitéiseach CBT isteach an 31 Nollaig, tar éis di dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara. Chuir Éire togra athbhreithnithe isteach an 11 Lúnasa 2022, lena dtugtar aghaidh ar bharúlacha an Choimisiúin faoin gcéad dréacht de. D'fhormheas an Coimisiún an togra sin an 31 Lúnasa 2022. D'iarr Éire an chéad leasú ar an bplean formheasta an 6 Aibreán 2023, a rinne an Coimisiún a fhormheas an 14 Meitheamh 2023. D'fhormheas an Coimisiún an iarraidh ó Éirinn ar leasú ina dhiaidh sin an 9 Feabhra 2024. Cuirtear i láthair sa doiciméad seo roinnt de phríomhghnéithe Phlean Straitéiseach CBT na hÉireann.*

## 1. ARBH EOL DUIT?



I gcomparáid leis an meán san Aontas, tá sciar níos mó de chríoch na hÉireann ina ceantar tuaithe agus tá níos mó dá daonra ina gcónaí i gceantair thuaithe. Meastar go bhfuil thart ar 6.9 mhilliún heicteár de thalamh in Éirinn, agus tá thart ar 64 % den mhéid sin oiriúnach don talmhaíocht.. Tá **127 000 feirmeoir gníomhach** in Éirinn agus tá táirgiúlacht oibre iomlán na hearnála sin ard. Mar sin féin, d'ainneoin ardleibhéal táirgiúlachta, tá ioncam fhostaithe na hearnála sin níos ísle i gcomparáid le fostaithe in earnálacha eile den gheilleagar. **4.3 % de gheilleagar na tíre atá san earnáil agraibhia** (Oll-bhreisluach iomlán). 9 % d'easpórtálacha marsantachta iomlána atá in easpórtálacha táirgí agraibhia na hÉireann.

- **Réigiúin tuaithe agus eatramhacha go príomha atá in 99 % d'Éirinn** (níos mó ná dhá oiread mheán AE-27).
- Tá thart ar **135 000 feirm** in Éirinn, agus tá thart ar **33.4 heicteár acu ar an meán**.
- Tá feirmeacha in Éirinn ag éirí níos speisialaithe i dtógáil stoic (stoc mairteola agus déiríochta go háirithe).



## 2. SPRIOCANNA AGUS STRAITÉIS PHLEAN STRAITÉISEACH CBT NA hÉIREANN

Tá straitéis ceaptha ag Éirinn chun forbairt inbhuanaithe na hearnála feirmeoireachta agus bia a chur chun cinn trí thacú le hioncaim feirme inmharthana agus tríd an iomaíochas a fheabhsú. Chomh maith leis sin, rannchuidíonn Plean CBT na hÉireann le cuspóirí comhshaoil agus aeráide a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus tá sé d'aidhm aige feabhas a chur ar dhálaí socheacnamaíocha i gceantair thuaithe.

### 2.1. CBT INBHUANAITHE Ó THAOBH AN GHEILLEAGAIR DE ATÁ NÍOS COTHROIME

Tá sé d'aidhm ag Éirinn **an bhearna ioncaim idir earnáil na feirmeoireachta agus earnálacha eile den gheilleagar a laghdú**, mar aon leis an mbearna ioncaim idir córais feirmeoireachta éagsúla. Chun inmharthanacht feirmeacha a fheabhsú, tá córas tacaíochta airgeadais níos spriocdhírithe agus níos cothroime á thógáil ag Éirinn le haghaidh feirmeoirí, trí mheascán d'uasteorainn ar íocaíochtaí arda, tacaíocht athdháilte d'fheirmeacha beaga agus meánmhéide, agus méid na n-íocaíochtaí le feirmeoirí a chomhchuibhiú.

Tacóidh Éire **le forbairt na hearnála feirmeoireachta curaíochta**. Go sonrach, gheobhaidh feirmeoirí na hÉireann a bhfuil barra próitéine á bhfás acu (cuir i gcás piseanna, pónairí, lúipíní, agus soighe) bónais chun a n-iomaíochas a fheabhsú.

Bainfidh na hearnálacha torthaí, glasraí agus beachadóireachta (beachaireacht) tairbhe as tacaíocht thiomnaithe chun a riachtanais shonracha a chumhdach maidir le hinfheistíochtaí, oiliúint, comhairle, nó cosc agus bainistiú géarchéime, mar shampla.

Beidh tacaíocht maidir le **hinfheistíochtaí chun gabháltais a nuachóiriú**, lena n-áirítear teicneolaíocht dhigiteach feirmeoireachta, ar fáil d'fheirmeoirí na hÉireann chomh maith.

- ➔ *Tiomnóidh Éire EUR 590 milliún chun dáileadh tacaíochta níos cothroime d'fheirmeacha beaga agus meánmhéide a chur chun cinn.*
- ➔ *Chun inbhuanaitheacht eacnamaíoch fhadtéarmach earnáil na talmhaíochta a chinntiú, leithdháilfear thart ar EUR 180 milliún ar thacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga.*

## 2.2 CBT NÍOS GLAISE



Tá dúshláin mhóra roimh Éirinn maidir le cuspóirí comhshaoil agus aeráide, cuir i gcás astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) ón talmhaíocht atá ag dul i méid.

Cuirfidh Éire caighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil i bhfeidhm chun **cosaint níos fearr a thabhairt do bhogaigh agus do thailte portaigh** a chuireann leis an gceapadh carbóin. I gcriosanna maolánacha feadh sruthchúrsaí, cuirfear srian ar úsáid gach cineál leasacháin agus táirgí cosanta plandaí. Ní mór d'fheirmeoirí ithreacha talmhaíochta a shaothrú ar bhealach lena gcuirtear cosc ar chreimeadh nó lena n-íoslaghdaítear é. Chun an bhithéagsúlacht a chothabháil agus a athbhunú, díreofar sciar íosta talún ar limistéir atá luachmhar don bhithéagsúlacht a chosaint, mar shampla fálta sceach, scrobarnach nó linn bheaga.

Leithdháilfidh Éire **EUR 1.4 billiún chun cleachtais níos uaillmhianaí atá dírithe ar an gcomhshaol agus ar an aeráid a chur chun cinn**, cuir i gcás úsáid leasacháin nítrigine ceimicí a laghdú, an líon crann a chuirtear a mhéadú agus na limistéir talún ar mhórán dúlra agus bithéagsúlachta a leathnú.Cuirfear feabhas ar cháilíocht na ndobharlach trí roinnt idirghabhálacha a dhéanamh a bheidh dírithe ar thart ar 32 % den limistéar talmhaíochta.

- *San iomlán, úsáidfear níos mó ná EUR 1.5 billiún le haghaidh scéim nua comhshaoil a bheidh dírithe ar 50 000 feirmeoir le gníomhaíochtaí sonracha chun torthaí feabhsaithe ar cháilíocht na bithéagsúlachta, na haeráide, an aeir agus an uisce a bhaint amach.*
- *Tiomnófar EUR 256 mhilliún chun an limistéar talmhaíochta faoi tháirgeadh orgánach a mhéadú faoi thrí.*



## 2.3. CBT INBHUANAITHE GO SÓISIALTA

Tá dúshláin roimh Éirinn maidir le bánú bailte agus sráidbhailte tuaithe, chomh maith le laghdú foriomlán ar líon na bhfeirmeoirí óga, daonra feirmeoireachta atá ag dul in aois agus éagothroime inscne san fheirmeoireacht. **Deonófar bónais spriocdhírithe agus tacaíocht airgeadais níos mó do thart ar 7 000 feirmeoir óg** le haghaidh na n-infheistíochtaí atá beartaithe acu a dhéanamh ar a bhfeirmeacha, agus/nó gheobhaidh siad tacaíocht chun na costais ghairmiúla a bhaineann le comhpháirtíochtaí feirme a bhunú a chothú agus comhairle maidir le comharbas agus dul ar scor.

Chun **banfheirmeoirí a mhealladh agus a choinneáil i mbun feirmeoireachta**, cuirfear cur chuige cothromaíochta inscne i bhfeidhm maidir le dáileadh chabhair airgeadais Phlean CBT. Gheobhaidh banfheirmeoirí bónais freisin as infheistíochtaí agus bainfidh siad tairbhe as grúpaí atá dírithe ar mhná le haghaidh aistriú eolais.

Thairis sin, áireofar i bPlean CBT na hÉireann bearta atá deartha chun freastal ar éilimh na sochaí i ndáil le **leas ainmhithe agus sábháilteacht bia**, mar shampla trí úsáid ábhar frithmhiocróbach agus lotnaidicídí a laghdú.

- *Is é EUR 180 milliún an leithdháileadh airgeadais iomlán atá ag an gClár LEADER, agus maoineoidh sé thart ar 29 Straitéis Forbartha Áitiúla, a shroichfidh 82 % de dhaonra na tuaithe. Beidh sé d'aidhm acu tacú le pobail tuaithe inmharthana a fhorbairt, trí chur chuige maidir le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail a chur i bhfeidhm.*
- *Cuirfear tacaíocht ar fáil chun leas ainmhithe a fheabhsú i gcás os cionn 330 000 aonad beostoic, go háirithe in earnálacha na déiríochta, na mairteola, na gcaorach, na muc agus na héanlaithe clóis.*



## 3. COMHROINNT EOLAIS, AN NUÁLAÍOCHT AGUS AN DIGITIÚ

Tá cur chuige dea-struchtúrtha agus idirghníomhach ag Éirinn maidir le h**eolas, an nuálaíocht agus an digitiú a chothú i réimse na talmhaíochta agus i gceantair thuaithe**. Is éard atá i gceist leis sin comhordú agus comhoibriú soiléir laistigh den Chóras um Eolas agus Nuálaíocht Talmhaíochta (AKIS).

Leanfaidh Éire dá AKIS a thógáil agus a fheabhsú agus cuirfidh sí gníomhaíochtaí oiliúna agus comhairleacha ar fáil d'fheirmeoirí chun cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar dhúshláin nua, na dúshláin a bhaineann leis an gcomhshaol agus leis an digitiú san áireamh.

Saothróidh 36 Ghrúpa Oibríochtúla de chuid na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil cuspóir den chineál céanna freisin, **lena dtabharfar aghaidh ar an mbearna nuálaíochta idir an taighde agus na cleachtais a** chuirtear chun feidhme sa réimse.

- ➔ *Bainfidh thart ar 300 000 duine tairbhe as comhairle, oiliúint nó malartú eolais nó glacfaidh siad páirt i nGrúpaí Oibríochtúla na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuáil a fhaigheann tacaíocht faoi Phlean CBT na hÉireann, go príomha i réimse na feidhmíochta comhshaoil nó aeráide.*
- ➔ *Tacófar le breis agus 10 000 comhairleoir ina gcuid oibre chun an nuálaíocht a chur ar fáil d'fheirmeoirí.*





## 4. IARSCRÍBHINN AIRGEADAIS

| | Buiséad AE (€) | Maoiniú náisiúnta (€) | Iomlán (€) |
|---|---|---|---|
| Íocaíochtaí Díreacha | 5 931 409 980 | n/a | 5 931 409 980 |
| Tacaíocht earnála | 44 992 003 | 298 714 | 45 290 717 |
| Forbairt Tuaithe | 1 558 204 139 | 2 299 502 263 | 3 857 706 402 |
| **Iomlán** | **7 534 606 122** | **2 299 800 977** | **9 834 407 099** |

*Ní áirítear sa chistiú náisiúnta an maoiniú breise dá dtagraítear in Airteagal 146 de Rialachán (AE) 2021/2115. Áirítear le híocaíochtaí díreacha leithdháiltí le haghaidh cadáis a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII de Rialachán (AE) 2021/2115 agus léiríonn siad aistrithe féideartha idir colúin. Níl íocaíochtaí tacaíochta faoi Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 san áireamh sa Phlean Straitéiseach CBT. Is le beachadóireacht amháin a bhaineann an cistiú náisiúnta do thacaíocht earnála. Léiríonn forbairt tuaithe aistrithe féideartha idir colúin agus áirítear leo cúnamh teicniúil.*

| CISTIÚ ÓN AONTAS ATÁ FORCHOIMEÁDTA LE HAGHAIDH | In EUR | % |
|---|---|---|
| Cuspóirí comhshaoil agus aeráide faoin bhforbairt tuaithe | 1 046 329 456 | 67%[1] |
| Éiciscéimeanna faoi íocaíochtaí díreacha | 1 482 852 495 | 25%[2] |
| LEADER | 77 940 000 | 5%[1] |
| Tacaíocht Ioncaim Athdháilte Chomhlántach | 593 140 998 | 10%[2] |
| Feirmeoirí óga (athnuachan glúine) | 177 942 300 | n/a[3] |

*Is féidir na leithdháiltí airgeadais íosta le haghaidh tacaíocht d'fheirmeoirí óga a fhorchoimeád faoi íocaíochtaí díreacha agus/nó faoin bhforbairt tuaithe. Féadfaidh éiciscéimeanna faoi íocaíochtaí díreacha a bheith níos lú ná 25 % má bhaintear leas an bhféidearthacht an sásra ceartúcháin a úsáid ó fhorbairt tuaithe, i gcomhréir le hAirteagal 97 de Rialachán (AE) 2021/2115. Féadfaidh an tacaíocht ioncaim athdháilte Chomhlántach faoi Íocaíochtaí Díreacha a bheith níos ísle ná 10 %, i gcomhréir le hAirteagal 29 de Rialachán (AE) 2021/2115.*

*[1] i gcomparáid leis na leithdháiltí forbartha tuaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn XI de Rialachán (AE) 2021/2115*
*[2] i gcomparáid leis na leithdháiltí íocaíochtaí díreacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IX de Rialachán (AE) 2021/2115*
*[3] nach bhfuil infheidhme toisc go bhfuil an ranníocaíocht íosta le feirmeoirí óga socraithe mar mhéideanna absalóideacha in Iarscríbhinn XII de Rialachán (AE) 2021/2115.*

***Tá tuilleadh eolais airgeadais le fáil i roinn 6 agus in Iarscríbhinn V de Phlean Straitéiseach CBT na hÉireann.***

